



**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/167 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26 Eanáir 2026**

**maidir le húdará clinitililíte de thionscnamh dríodair a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le  
haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme  
(AE) Uimh. 651/2013**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdará breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údará den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 651/2013 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> údaráid clinitililít de thionscnamh dríodair ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údará clinitililíte de thionscnamh dríodair a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí an breiseán sa chatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus sna feidhmghrúpaí 'ceanglóir' agus 'oibreáin frithstolptha'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Tháinig an tÚdaráis Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdaráis') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 19 Márta 2025 <sup>(3)</sup> go bhfuil an breiseán clinitililít de thionscnamh dríodair fós sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach greannaitheoir craicinn na súl é an breiseán ach gur cheart a mheas gur íogróir craicinn agus riospráide é. Meastar gur riosca iad an t-ionanálú agus an nochtadh craicneach. Chuir an tÚdaráis in iúl freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhreiseáin ós rud é nach bhfuil togra maidir le coinníollacha an údaráithe bunaidh a leasú nó a fhorlíonadh san iarratas ar athnuachan an údaráithe, rud a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht an bhreiseáin.
- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an gclinitililít de thionscnamh dríodair mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaráithe roimhe seo, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.

<sup>(1)</sup> IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 651/2013 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2013 maidir le húdará clinitililíte de thionscnamh dríodair mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005 (IO L 189, 10.7.2013, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_impl/2013/651/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/651/oj)).

<sup>(3)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA] 2025;23:e9364 (<https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9364>).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an chnilitilít de thionscnamh dríodair na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.
- (7) Mar thoradh ar athnuachan údarú na clinitilít de thionscnamh dríodair mar bhreiseán beathaithe, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 651/2013 a aisghairm.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Athnuachan an údaráithe**

Maidir le húdarú na substainte a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis na feidhmghrúpaí 'ceanglóirí' agus 'oibreáin frithstolptha', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 651/2013.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe                   | Ainm an bhreiseáin                   | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion                                                            | Uaschion | Forálacha eile                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       | Deireadh na tréimhse údarúcháin |
|---------------------------------------------------------------|--------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------|-------------------|---------------------------------------------------------------------|----------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------|
|                                                               |                                      |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |                                |                   | mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % |          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |                                 |
| Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: ceanglóirí |                                      |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |                                |                   |                                                                     |          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |                                 |
| 1g568                                                         | Clinitililít de thionscnamh dríodair | <i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i><br>Clinitililít de thionscnamh dríodair ≥ 80 % Foirm sholadach.<br><br><i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i><br>Clinitililít (alúmanaisileacáit chailciam sóidiam hiodráitithe) de thionscnamh dríodair ≥ 80 % agus mianraí créúla ≤ 20 % (saor ó shnáithíní agus grianchloch).<br>Uimhir CAS 12173-10-3<br>Uimhir EC 687-562-6<br><br><i>Modh anailíse <sup>(1)</sup></i><br>Maidir le clinitililít de thionscnamh dríodair sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: Díraonadh x-ghathach. | Gach speiceas ainmhíoch        | —                 | —                                                                   | 10 000   | <div>1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála.</div> <div>2. Ní sháróidh cainníocht iomlán na clinitililíte ó gach foinse an t-uaschion 10 000 mg/kg d'ábhar beatha iomlán.</div> <div>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann agus don anáil, a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. Tabharfar aird ar leith ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí ionanáilaithe a bhaineann le nochtadh do nicil.</div> | An 16 Feabhra 2036              |

<sup>(1)</sup> Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: [https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports\\_ga](https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga).

| Uimhir<br>aitheantais an<br>bhreiseáin<br>beathaithe                      | Ainm an<br>bhreiseáin                      | Comhdhéanamh, foirmle<br>cheimiceach, tuairisc, modh<br>anailíse                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     | Speiceas nó<br>catagóir<br>ainmhíoch | Uasteorainn<br>aoise | Íoschion                                                                  | Uaschion | Forálacha eile                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | Deireadh na<br>tréimhse<br>údarúcháin |
|---------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------|----------------------|---------------------------------------------------------------------------|----------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------|
|                                                                           |                                            |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |                                      |                      | mg de bhreiseán/kg d'ábhar<br>beatha iomlán ina bhfuil cion<br>taise 12 % |          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           |                                       |
| Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: oibreáin frithstolptha |                                            |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |                                      |                      |                                                                           |          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           |                                       |
| 1g568                                                                     | Clinitililít de<br>thionscnamh<br>dríodair | <i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i><br>Clinitililít de thionscnamh<br>dríodair ≥ 80 % Foirm<br>sholadach.<br><br><i>Saintréithriú na substainte<br/>gníomhaí</i><br>Clinitililít (alúmanaisileacáit<br>chailciam sóidiam hiodráitithe)<br>de thionscnamh dríodair<br>≥ 80 % agus mianraí créúla<br>≤ 20 % (saor ó shnáithíní agus<br>grianchloch).<br>Uimhir CAS 12173-10-3<br>Uimhir EC 687-562-6<br><br><i>Modh anailíse <sup>(1)</sup></i><br>Maidir le clinitililít de<br>thionscnamh dríodair sa<br>bhreiseán beathaithe a<br>chinneadh: Díraonadh<br>x-ghathach. | Gach<br>speiceas<br>ainmhíoch        | —                    | —                                                                         | 10 000   | <div><div>1.</div><div>Sna treoracha maidir le húsáid an<br/>bhreiseáin agus na réamh-<br/>mheascán, sonrófar na dálaí<br/>stórála.</div><div>2.</div><div>Ní sháróidh cainníocht iomlán<br/>na clinitililíte ó gach foinse an<br/>t-uaschion 10 000 mg/kg<br/>d'ábhar beatha iomlán.</div><div>3.</div><div>I gcás úsáideoirí an bhreiseáin<br/>agus na réamh-mheascán,<br/>bunóidh oibreoirí gnólachtaí<br/>beatha nósanna imeachta<br/>oibríochtúla agus bearta<br/>eagraíochtúla chun aghaidh a<br/>thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh<br/>eascairt as a n-úsáid. I gcás nach<br/>féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a<br/>laghdú a oiread is féidir leis na<br/>nósanna imeachta agus na bearta<br/>sin, is le trealamh cosanta<br/>pearsanta, lena n-áirítear cosaint<br/>don chraiceann agus don análú, a<br/>úsáidfear an breiseán agus na<br/>réamh-mheascáin. Tabharfar<br/>aird ar leith ar chomhlíonadh<br/>reachtaíocht an Aontais maidir le<br/>hoibrithe a chosaint ar na rioscaí<br/>ionanáitithe a bhaineann le<br/>nochtadh do nicil.</div></div> <div>An<br/>16 Feabhra<br/>2036</div> |                                       |

<sup>(1)</sup> Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: [https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports\\_ga](https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga).